



## Príomhathruithe Leasa Shóisialta agus Rátaí Íocaíochta

### Buiséad 2012

#### Joan Burton T.D., Aire Coimirce Sóisialaí

- Caithfear breis is €20.5 billiún ar Choimirce Sóisialach sa bhliain 2012

- Ní ghearrfar an ráta seachtainiúil in aon bhuníocaíocht leasa shóisialaigh

#### Ní thiocfaidh athrú ar bith ar rátaí Sochar Linbh don chéad agus don dara leanbh

- ♦ Íocfar Sochar Linbh de €140 sa mhí mar is gnách maidir leis an gcéad bheirt leanbh.
- ♦ Déanfar na rátaí don tríú leanbh agus do leanaí dá éis a chaighdeánú go €140 an leanbh sa mhí i gcaitheamh na chéad dá bhliain eile.
- ♦ Ráta €148 a bheidh ann don tríú leanbh agus €160 don ceathrú leanbh agus do leanaí dá éis ó Eanáir 2012.
- ♦ Cé go leanfar den íocaíocht mhíosúil bhreise a dhéanamh i gcás cúplaí agus tríríní, ní íocfar ó Eanáir 2012 ar aghaidh an deontas de €635 a íoctar i gcás ilbhreitheanna ag a mbreith, ag aois a ceathair agus arís ag aois a dó dhéag.
- ♦ Gheofar thall na hathruithe atá beartaithe ar an bhForlíonadh Ioncam Teaghlaigh, ar an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua agus ar an Liúntas Cúram Baile.

#### Ní dhéanfar athrú ar íocaíochtaí cúramóirí

- ♦ Leanfar den Liúntas Cúramóra a íoc ag an leathráta leo siúd a thugann cúram lánaimseartha agus atá ag fáil íocaíocht leasa eile.
- ♦ Íocfar íocaíocht bhreise as cúram a thabhairt do bhreis is duine amháin, mar is gnách.
- ♦ Gheobhaidh cúramóirí an Deontas Cúraim Sosa de €1,700 i gcás gach duine dá dtugann siad cúram, mar is gnách.
- ♦ Ní thiocfaidh aon athrú ar rátaí íocaíochta seachtainiúla i gcás an Liúntais Chúramóra.

#### Cosaint do dhaoine scothaosta

- ♦ Leanfar de rátaí reatha an Phinsin Stáit a íoc le daoine scothaosta.
- ♦ Ní thiocfaidh aon athrú ar an Scéim Saorthaistil, ar an Liúntas um Chéadúnas Teilifíse, ar an Liúntas um Chónaí Aonair, ar an Liúntas do Dhaoine os cionn 80 Bliain d'Aois, ná ar an Liúntas Oileáin.

#### Déanfar €475 milliún a spáráil

- ♦ Laghdófar séasúr an Liúntais Bhreosla de 6 seachtaine, ó 32 seachtain go 26 seachtain i ngach cás.
- ♦ Chun dul i dtreo 'duine amháin, íocaíocht amháin', ní cheadófar do rannpháirtithe ar Scéimeanna Fostaíochta Pobail íocaíocht eile leasa shóisialaigh a éileamh ag an am céanna.
- ♦ I gcás na hÍocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora déanfar uasteorainn aoise an linbh is óige a laghdú go 12 bhliain sa bhliain 2012 i gcás éilitheoirí nua agus déanfar laghduithe eile air sin sna blianta atá amach romhainn.

Gheofar tuilleadh eolais ach glao a chur ar an **Roinn Coimirce Sóisialaí** ar 1890 66 22 44 (Glao Áitiúil) 9 am – 5 pm Luan go hAoine nó ar an **tSeirbhís Fóin um Eolas do Shaoránaigh** ar 1890 777 121 (Glao áitiúil) 9 am - 9 pm Luan go hAoine Glaoigh ar an Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh nó ar an Ionad Eolais do Shaoránaigh is gaire duit Gheofar eolas ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie) agus ar [www.citizensinformation.ie](http://www.citizensinformation.ie), leis.

**Nóta: \*Féach go bhféadfadh na rátaí a ghearrtar d'úsáid uimhreacha 1890 (Glao áitiúil) a bheith éagsúil i measc soláthraithe seirbhíse difriúla.**

**Níl sa Leathanach Eolais seo ach treoir; ní léirmhíniú dlíthiúil é.**

## SONRAÍ

### LEANAÍ AGUS TEAGHLAIGH

- Íocfar Sochar Linbh de €140 sa mhí maidir leis an gcéad bheirt leabh mar is gnách. Déanfar na rátaí maidir leis an tríú leabh agus leanaí dá éis a chaighdeánú go €140 an leabh sa mhí in imeacht na chéad dá bhliain eile. Ráta de €148 a bheidh ann don tríú leabh agus €160 don ceathrú leabh agus do leanaí dá éis sa bhliain 2012. (**Eanáir 2012**)
- Ní íocfar ó Eanáir 2012 ar aghaidh an deontas de €635 a íoctar i leith ilbhreitheanna ag a mbreith, ag aois a 4 agus arís ag aois a 12. (**Eanáir 2012**)
- Ardófar ó dhá bhliain d'aois go ceithre bliana d'aois an aois ag a gcáilíonn leabh le haghaidh an Liúntais Eadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua. (**2012**)
- Laghdófar an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua ó €305 go €250 i gcás leanaí atá 12 bhliain nó níos mó agus ó €200 go €150 i gcás leanaí atá idir 4 bliana agus 11 bhliain. (**2012**)
- Laghdófar de réir a chéile go seacht mbliana d'aois an uasteorainn aoise don leabh is óige i gcás éilitheoirí nua den Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora. Laghdófar é go 12 bhliain le héifeacht ón mbliain 2012.
- I gcás ina bhfuil ag duine atá ag éileamh Pinsean Easláine, Sochar Cúramóra, Pinsean Stáit (Ranníocach nó Neamhranníocach) nó Forlíonadh Éagumais céile nó páirtneir a thuilleann breis is €400 sa tseachtain, ní íocfar an méadú leathrata i leith leanaí cáilithe a thuilleadh. Cuirfear an t-athrú sin i bhfeidhm i gcás éilitheoirí nua. Beidh na híocaíochtaí nua ar aon dul leis na socrúithe reatha do Shochar Cuardaitheora Poist, Sochar Breoiteachta agus Sochar Díobhála. (**Iúil 2012**)

### PINSIN INBHUANAITHE A DHAINGNIÚ

- I láthair na huaire ní lú ach de €4.50 sa tseachtain an Pinsean Stáit a fhaigheann duine a bhfuil 20-47 ranníocaíocht ÁSPC ar an meán aige nó aici agus an duine a bhfuil 48 ranníocaíocht ÁSPC nó níos mó ar an meán aige nó aici. Beidh pinsean níos lú iníoctha le hiarrthóirí nua ar Phinsean Stáit a bhfuil meán bliantúil ranníocaíochtaí ÁSPC is lú ná 48 acu. Léiríú níos cruinne ar a dtairfead ÁSPC a bheidh sa phinsean nua. (**Meán Fómhair 2012**)
- I láthair na huaire is féidir éileamh déanach ar phinsin ranníocacha áirithe a shiardhátú ar scála laghdaitheach go ceann 5 bliana. Laghdófar an tréimhse shiardhátaithe sin go dtí sé mhí ar a mhéad. Bainfidh sé sin leis an bPinsean Stáit (Ranníocach agus Aistriú), le Pinsean Ranníocach an Pháirtneara Shibhialta Mharthanaigh agus le Pinsean Ranníocach Baintrí nó Baintrí Fir. (**Aibreán 2012**)
- Méadófar an líon iomlán ranníocaíochtaí íoctha ÁSPC is gá chun cáiliú do Phinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtneara Shibhialta Mharthanaigh ó 156 go 260 le héifeacht ó Nollaig 2013.

### LUCHT CUARDAIGH POIST

- I gcás ina n-oibríonn duine a fhaigheann Sochar Cuardaitheora Poist ar feadh cuid den tseachtain, bunófar an teidlíocht íocaíochta ar sheachtain cúig lá in ionad seachtain sé lá. (**Iúil 2012**)
- Cuirfear obair ar an Domhnach san áireamh nuair a bhíonn Sochar Cuardaitheora Poist agus Liúntas Cuardaitheora Poist á ríomh. (**2013**)

### ÍOCAÍOCHTA COMHTHRÁTHACHA

- I láthair na huaire, duine atá ag

fáil Pinsean Baintrí (Fir), Pinsean Pháirtneara Shibhialta Mharthanaigh nó Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, féadfadh sé nó sí bheith i dteideal Sochar Cuardaitheora Poist, Sochar Breoiteachta nó Forlíonadh Éagumais a fháil ar leathráta má shásaíonn sé nó sí na coinníollacha cáiliúcháin. Ní íocfar na híocaíochtaí sin ar an leathráta a thuilleadh le hiarrataoirí nua ar Shochar Breoiteachta (**1 Feabhra 2012**), ar Shochar Cuardaitheora Poist (**2 Feabhra 2012**), ná ar Forlíonadh Éagumais (**3 Feabhra 2012**).

- Ní cheadófar do rannpháirtithe nua ar scéimeanna Fostaíocht Phobail íocaíocht eile leasa shóisialaigh a éileamh ag an am céanna ach gheobhaidh siad an €20 caighdeánach breise sa tseachtain a íoctar leis na rannpháirtithe eile. (**16 Eanáir 2012**)
- I gcás duine atá ar Scéim Fostaíocht Pobail agus ag fáil Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, Liúntas/Sochar Banchéile Thréigthe nó Pinsean Baintrí (Fir), ní íocfar an dara méadú i leith leabh cáilithe le faighteoirí atá anois ann ná le faighteoirí nua (**20 Feabhra 2012**).

### CÚRAMÓIRÍ

- Iarrthóirí nua ar Liúntas Cúramóra, muna bhfuil siad ina gcónaí in éineacht leis an té dá dtugann siad cúram ní bheidh siad i dteideal an phacáiste Sochar Teaghlaigh. D'fhéadfadh an té atá ag fáil an chúraim a bheith i dteideal an phacáiste Sochar Teaghlaigh ina n-ainm féin. (**Aibreán 2012**)

### TÁSTÁIL DE RÉIR MAOINE

- I gcás éilitheoirí nua agus éilitheoirí atá ann cheana, measúnófar teacht isteach ó fhostaíocht mar chúntóir baile

arna maoiniú ag FSS i dtástáil de réir maoine do scéimeanna leasa shóisialaigh. Daoine a mbainfidh sé seo leo, féadfaidh siad leas a bhaint as an neamhaird ioncain céanna atá ag gach fostaí eile. **(Eanáir 2012)**

- Laghdófar an méid teacht isteach a ndéanfar neamhaird de chun críocha na hÍocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora ó €146.50 go €130.00 sa tseachtain sa bhliain 2012 i gcás faighteoirí nua agus faighteoirí atá ann cheana. Tabharfar laghduithe eile isteach sna ceithre bliana atá romhainn. **(Eanáir 2012)**
- Áireofar mar theacht isteach nuair a bhíonn Forlíonadh Ioncain Teaghlaigh á ríomh íocaíochtaí seachtainiúla le cúramóirí ar aon dul le gach íocaíocht leasa eile. **(Eanáir 2012 i gcás iarrthóirí nua agus tráth athnuachan an éilimh i gcás gach faighteoir eile)**
- Ní íocfar a thuilleadh an íocaíocht leathráta den Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a íoctar go sealadach i gcás ina sáraíonn teacht isteach an fhaighteora €425 sa tseachtain. Ní bheidh tionchar aige sin ar dhaoine atá ag fáil na hÍocaíochta sealadaí i láthair na huaire. **(Eanáir 2012)**

### **SCÉIM FOSTAÍOCHTA POBAIL**

- Laghdófar ó €1,500 go €500 sa bhliain an deontas oiliúna agus ábhar in aghaidh an rannpháirtí. **(Eanáir 2012)**

### **CÚNAMH FEIRME**

- Ardófar ó 70% go 85% an ceatadán d'acmhainn ó fhéinfhostaíocht, lena n-áirítear feirmeoireacht, a áirítear i

measúnuithe ar acmhainn. Laghdófar de leath go €127 sa bhliain na hasbhaintí as teacht isteach leanaí i gcás gach duine den chéad bheirt leanbh cleithiúnach agus €190.50 sa bhliain i gcás gach linbh dá éis. **(Eanáir 2012)**

### **FORLÍONADH CÍOSA**

- Méadófar de €6 go €30 sa tseachtain an ranníocaíocht íosta a dhéanann tionóntaí aonair i leith cíosa faoi Scéim an Fhorlíonta Chíosa. Is é €35 an ranníocaíocht íosta a bheidh le hÍoc ag lánúineacha. **(Eanáir 2012)**
- Athbhreithneofar teorainneacha cíosa. **(2012)**

### **FORLÍONADH ÚS MORGÁISTE**

- Méadófar de €6 go €30 sa tseachtain i gcás an duine singil an ranníocaíocht íosta i leith morgáiste faoin Fhorlíonadh Ús Morgáiste. Is é €35 an ranníocaíocht íosta a bheidh le hÍoc ag lánúineacha. **(Eanáir 2012)**
- Cuirfear íoc an Fhorlíonta Ús Morgáiste siar go ceann 12 mhí fad a théann an duine i ngleic leis an bPróiseas um Réiteach ar Riaráiste Morgáiste. Tá an cur chuige seo ar aon dul le moltaí thuarascálacha an Ghrúpa um Riaráiste Morgáiste agus Fiachas Pearsanta agus an Ghrúpa Oibre Idir-Rannaigh ar Riaráiste Morgáiste. **(2012)**

### **DAOINE FAOI MHÍCHUMAS**

- Beartha cáinainnéise chun athrú a dhéanamh ar choinníollacha agus ar rátaí an Liúntais Mhíchumais, ní thabharfar isteach iad ar feitheamh ar athbhreithniú a dhéanfaidh Ita Mangan, Uasal, Cathaoirleach an Ghrúpa Chomhairligh ar Cháin agus Leasa Sóisialach.

- Chun cáiliú don íocaíocht seo, ní mór d'iarrthóirí nua ar Shochar Míchumais a bheith faoi mhíchumas a aicmítear ag breis is 15%. **(Eanáir 2012)**

### **LIÚNTAS BREOSLA**

- Laghdófar an séasúr don Liúntas Breosla de 6 seachtaine, ó 32 seachtain go 26 seachtain i ngach cás. **(2012)**

### **SOCHAR CÓIREÁLA**

- Athróidh minicíocht an deontais d'áiseanna éisteachta ó dhá bhliain go ceithre bliana. **(Eanáir 2012)**
- Athróidh an t-uasdeontas a bheidh ar fáil d'áis éisteachta amháin ó €760 go €500 agus ó €1,520 go €1,000 i gcás dhá áis éisteachta. **(Eanáir 2012)**

### **IOMARCAÍOCHT & DÓCMHAINNEACHT**

- Laghdófar ó 60% go 15% an aisiocaíocht d'íocaíochtaí iomarcaíochta reachtúla leis an bhfostóir. **(1ú Eanáir 2012)**

### **LIÚNTAS UM FHILLEADH AR AN OIDEACHAS**

- Laghdófar ó €500 go €300 méid an Liúntais um Chostas an Oideachais, an deontas bliantúil a ghabhann leis an Liúntas um Fhilleadh ar an Oideachas. **(2012)**

### **SPÁRÁIL ILGHNÉITHEACH**

- Laghdófar de 10% an costas don Roinn ar theastais mhíochaine i gcás scéimeanna a bhaineann le breoiteacht agus le míchumas. Spáráil riaracháin sa Roinn a bheidh i gceist anseo.
- Déanfar airgead a spáráil ar an Liúntas Leictreachais.

**Rátaí Leasa Shóisialaigh don bhliain 2012**

<b>Uasrátaí Seachtainiúla</b>	<b>Ráta Pearsanta sa tSeachtain</b>		<b>Liúntas i leith Aosach Cáilithe</b>		<b>Ráta Linbh</b>	<b>Ráta Míosúil Sochar Linbh</b>		
<b>Íocaíochtaí Árachais Shóisialta</b>	<b>Reatha</b>	<b>2012</b>	<b>Reatha</b>	<b>2012</b>		<b>Líon na Leanáí</b>	<b>Ráta Reatha</b>	<b>Ráta 2012</b>
<b>Pinsean Stáit (Ranníocaíoch) (Aistriú)</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>			<b>€</b>
- Faoi 80 bliain d'aois	230.30	230.30	153.50*	153.50*	29.80			
- 80 bliain d'aois agus le cois	240.30	240.30	206.30**	206.30**	29.80			
<b>Pinsean Baintrí (Fir), Pinsean Pháirtneir Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)</b>								
<b>Pinsean/Sochar Banchéile Thréigthe</b>						Leanbh amháin	140.00	140.00
- Faoi 66 bliain d'aois	193.50	193.50			29.80	2 leanbh	280.00	280.00
- idir 66 agus 79 bliain d'aois	230.30	230.30			29.80	3 leanbh	447.00	428.00
- 80 bliain d'aois agus le cois	240.30	240.30			29.80	4 leanbh	624.00	588.00
<b>Pinsean Easláine</b>						5 leanbh	801.00	748.00
- Faoi 65 bliain d'aois	193.50	193.50	138.10*	138.10*	29.80	6 leanbh	978.00	908.00
- 65 bliain d'aois	230.30	230.30	206.30**	206.30**	29.80	7 leanbh	1,155.00	1,068.00
						8 leanbh	1,332.00	1,228.00
<b>Sochar Cúramóra/Liúntas Síorfhreastail</b>	205.00	205.00			29.80			
<b>Sochar Míchumais</b>	219.00	219.00						
<b>Sochar Cuardaitheora Poist/Sláinte agus Sábháilteachta/Díobhála</b>	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80			
<b>Sochar Báis</b>								
- Faoi 66 bliain d'aois	218.50	218.50			29.80			
- idir 66 agus 79 bliain d'aois	234.70	234.70			29.80			
- 80 bliain d'aois agus le cois	244.70	244.70			29.80			
<b>Íocaíochtaí Árachais Shóisialta</b>								
<b>Pinsean Stáit (Neamhranníocaíoch)</b>								
- idir 66 agus 79 bliain d'aois	219.00	219.00	144.70	144.70	29.80			
- 80 bliain d'aois agus le cois	229.00	229.00			29.80			
<b>Liúntas Cúramóra</b>								
- Faoi 66 bliain d'aois	204.00	204.00			29.80			
- 66 bliain d'aois agus le cois	239.00	239.00			29.80			
<b>Pinsean na nDall</b>	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80			
<b>Pinsean Baintrí (Fir)/Páirtneira Shibhialta Mharthanaigh (N'ranníocach)</b>	188.00	188.00						
<b>Liúntas Banchéile Thréigthe/Banchéile Phríosúnaigh</b>	188.00	188.00						
<b>Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora</b>	188.00	188.00			29.80			
<b>Liúntas Réamhscoir/Míchumais</b>	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80			
<b>Liúntas Leasa Forlíontach</b>	186.00	186.00	124.80	124.80	29.80			
<b>Liúntas Cuardaitheora Poist</b>	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80			
<b>Cúnamh Feirme</b>	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80			
<b>Liúntais Eile Leasa Shóisialaigh</b>								
<b>Sochar Máithreachais/Uchtála – Íosráta</b>	217.80	217.80						
<b>Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocaíoch)/ (Neamhranníocach)</b>	161.00	161.00						

**Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh**

<b>An Líon Teaghlaigh</b>	<b>Teorainn Reatha Ioncaim</b>	<b>Teorainn Ioncaim 2012</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Leanbh amháin	506.00	506.00
2 leanbh	602.00	602.00
3 leanbh	703.00	703.00
4 leanbh	824.00	824.00
5 leanbh	950.00	950.00
6 leanbh	1,066.00	1,066.00
7 leanbh	1,202.00	1,202.00
8 leanbh +	1,298.00	1,298.00

Bunófar leibhéal an Fhorlíonta Ioncaim Teaghlaigh, mar is gnách, ar 60% den ghannchion idir an glanioncam seachtainiúil agus an tairseach ioncaim atá i bhfeidhm i gcás ioncam seachtainiúil teaghlaigh.

\* *dóibh siúd atá faoi bhun 66 bliain d'aois*

\*\* *dóibh siúd atá 66 bliain d'aois agus le cois*